

FOLÚNTAS

# Príomh-Shaineolaí um Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála

Aonad: Feidhmeanna Sláinte Poiblí

Tagairt: ECDC/AD/2020/PHF-PEEPR

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Beidh an sealbhóir poist lonnaithe san Aonad Feidhmeanna Sláinte Poiblí agus tuairisceoidh sé/sí don Ghrúpcheannaire ar Oibríochtaí Freagartha agus Éigeandála sa Rannóg Tacaíochta um Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála. Oibreoidh sé/sí leis na baill den fhoireann agus de na haonaid eile lena mbaineann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí de chuid an Lárionaid a bhaineann le hoibríochtaí ullmhachta agus freagartha éigeandála chun bagairtí sláinte tromchúiseacha trasteorann a bhaineann le galair theagmhálacha a bhrath agus a mheasúnú agus chun ullmhú agus freagairt do na bagairtí sin.

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Ag obair dó/di leis na haonaid ECDC lena mbaineann agus faoi mhaoirseacht an Ghrúpcheannaire ar Oibríochtaí Freagartha agus Éigeandála sa Rannóg Tacaíochta um Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála, tacú le forbairt a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí de chuid an Lárionaid a bhfuil mar aidhm leo ullmhacht agus freagairt éigeandála an Aontais Eorpaigh a neartú i ndáil le bagairtí galair theagmhálaigh, ar aon dul le ceanglais bheartais ábhartha AE;
- Tionscadail ECDC a thionscnamh, go háirithe i réimse na hullmhachta agus na freagartha éigeandála do bhagairtí galair theagmhálaigh, agus páirt a ghlacadh sna tionscnaimh sin;
- Comhar éifeachtach a chur chun cinn agus a choinneáil ar bun le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta, go háirithe i réimse na hullmhachta agus na freagartha éigeandála do bhagairtí galair theagmhálaigh, agus an méid a leanas go sonrach a dhéanamh:
    - tacú leis an gCoimisiún Eorpach (go háirithe an t-aonad um bainistiú agus ullmhacht géarchéime sa tsláinte san Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia) agus le Coiste Slándála Sláinte an Choimisiúin;

  - cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun feabhas a chur ar a n-ullmhacht éigeandála agus chun freagairt do bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte (e.g. trí ullmhú agus comhordú a dhéanamh le linn forbairt a dhéanamh ar mhearmheasúnuithe riosca, ar chleachtaí ionsamhlúcháin, ar chás-staidéir, ar athbhreithnithe iarghníomhaíochta, ar chuairteanna tíre, ar imscaradh allamuigh agus ar thacaíocht d'imscrúduithe ráige); agus
  - feabhas a chur ar chomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le cur chun feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta;
- Comhordú a dhéanamh le linn gníomhaíochtaí a phleanáil agus a chur i gcrích i réimse an laghdaithe ar riosca tubaiste i ndáil le heipidéimí agus paindéimí, agus comhar le meithleacha tiomnaithe á chur chun cinn chun tacú le cur chun feidhme na ngnéithe sláinte de Chreat Sendai um ghníomhaíocht;
- Rannchuidiú le plean gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh measúnú a dhéanamh ar staid ullmhachta an AE agus na mBallstát, i gcomhar le saineolaithe ábhartha in ECDC agus leis na Pointí Fócasacha Náisiúnta um Ullmhacht agus Freagairt, agus tacú le gníomhaíochtaí tacaíochta tíre ECDC;
- I gcomhar le haonaid ábhartha in ECDC, forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar bhuan-nósanna imeachta oibríochta, ar ábhar oiliúna, ar uirlisí agus ar threoirdhoiciméid le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhachta agus freagartha i ndáil le heachtraí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear oibríochtaí an lárionaid oibríochtaí éigeandála agus a scéime dualgais;
- Comhordú agus rannchuidiú a dhéanamh le linn mearmheasúnuithe riosca a ullmhú i ndáil le bagairtí ar an AE atá ag teacht chun cinn agus atá ag teacht chun cinn an athuair;
- Dlúthchaidreamh oibre a bhunú le haonaid oibríochta eile laistigh den Lárionad i réimse na hullmhachta agus na freagartha éigeandála agus tacaíocht a thabhairt do na haonaid sin;
- Ionadaíocht a dhéanamh do ECDC ag cruinnithe agus imeachtaí idirnáisiúnta;
- Foilseacháin eolaíocha, lena n-áirítear foilseacháin a ndéantar athbhreithniú piaraí orthu, a thionscnamh agus a chomhordú i réimse na hullmhachta agus na freagartha éigeandála do bhagairtí galair theagmhálaigh agus rannchuidiú go gníomhach leis na foilseacháin sin;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá;
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i ndualgais Freagartha agus na dualgais sin a chomhordú;
- D'fhéadfaí go n-iarrfaí air/uirthi rannchuidiú leis an gcóras dualgais 24/7 atá i bhfeidhm ag ECDC.

# Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

## A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú ag dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna

fhianú ag dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha bliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad[1];

- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad[2] (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh[3];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach[4];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

### Taithí ghairmiúil / eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Céim ollscoile i réimse na sláinte, agus b'fhearr go mbeadh iarchéim ag an iarrthóir sa tsláinte phoiblí nó i laghdú ar riosca tubaiste;
- Taithí chruthaithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le neartú straitéiseach agus oibríochtúil a dhéanamh ar an ullmhacht agus an fhreagairt do bhagairtí galair theagmhálaigh sna Ballstáit agus/nó ar leibhéal an Aontais agus/nó ar leibhéal idirnáisiúnta;
- Taithí ar chaidreamh oibre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le húdaráis sláinte poiblí sna Ballstáit AE agus i dtíortha comhpháirtíochta eile (e.g. tíortha is iarrthóirí nó is iarrthóirí ionchasacha agus/nó tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa);
- Taithí oibre chruthaithe ar bhainistíocht tionscadal a bhaineann le hullmhacht agus freagairt éigeandála sláinte poiblí, agus b'fhearr go mbeadh taithí ag an iarrthóir ar mhisin allamuigh freisin;
- Grinneolas ar bheartais, creataí dlíthiúla agus sásraí an AE agus ar bheartais, creataí dlíthiúla agus sásraí idirnáisiúnta a bhaineann le pleanáil ullmhachta agus freagartha éigeandála do bhagairtí sláinte trasteorann agus ar an gcomhar idirearnála gaolmhar, lena n-áirítear dea-thuiscint ar leagan amach na gcóras sláinte náisiúnta sna Ballstáit;
- Sárthuiscint ar Bhéarla scríofa agus labhartha.

---

[1] Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

[2] Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

3 Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó). Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne buneolas a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

4 Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil, rud ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil ar bith aige/aici.

### Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidreamh oibre a chothú;
- Sárscileanna eagrúcháin agus bainistíochta tionscadal; cur chuige pleanáilte i leith cúraimí agus an cumas chun cúraimí a chur in ord tosaíochta;
- Sárscileanna idirbheartaíochta agus cumarsáide, agus íogaireacht eagraíochtúil agus feasacht staide á léiriú, go háirithe le linn dul i dteagmháil le geallsealbhóirí is comhpháirtithe tábhachtacha;
- An cumas chun obair faoi bhrú, freagrachtaí a láimhseáil agus obair ar a c(h)onlán féin;
- Dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar dhea-sheirbhís a chur ar fáil.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin a luaitear thuas.

# Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus iarrann sé iarratais ó na hiarrthóirí go léir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Déantar tearcionadaíocht do na mná sa réimse gnó/sna feidhmeanna bainistíochta seo faoi láthair. Dá bhrí sin, moltar do mhná iarratais a dhéanamh.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a bhunú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Déanfar an ceapachán seo chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

**Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Ionas go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach rannán riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú, agus ba cheart an fhoirm iarratais a sholáthar i bhformáid Word nó PDF agus más féidir i mBéarla[5]. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo:**

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

[5] Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach teanga oifigiúil AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.